Cleamhnas sa Dáil

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chainteanna idir ceannairí Fhine Gael agus an Lucht Oibre. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An raibh mórán suime agat san olltoghchán le seachtain anuas? Cén fáth?

Cad a cheapann tú faoi Enda Kenny? Cén fáth?

An dtiocfaidh athrú mór ar shaol na nÉireannach anois agus Fine Gael i gceannas, dar leat?

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail agus na frásaí seo a aimsiú agus tú ag féachaint uirthi. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

1. coalition government _____
2. negotiations _____
3. they don't agree on _____
4. he wished success _____
5. possibilities _____
6. on behalf of _____
7. he trusts _____
8. to come to an arrangement _____
9. summit meeting _____
10. member states _____
11. salvage market _____
12. as well as that _____
13. economic and financial affairs _____
14. decline _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cén fáth a raibh cruinniú ag Enda Kenny agus Eamon Gilmore inniu?
2. Cad a dheimhnigh Róisín Shortall?
3. Cad a bhí le rá ag Emmet Stagg faoin scéal?
4. Cén fáth a bhfuil brú ar an dá pháirtí teacht ar chomhaontú go luath?
5. Cad a dúirt Olli Rehn ar maidin?

Ceist 4 'ar t***h***éarmaí m***h***argadh tarrthála an Aontais Eorpaigh'

(a) An féidir leat féin agus an duine in aice leat cúis an tséimhithe sa dá shampla thuas a mhíniú?
(b) Bain amach na lúibíní sna habairtí seo thíos agus cuir séimhiú nuair is gá:

(i) (ag cáineadh) (ceoltóirí) + (na ceolchoirme)
_____

(ii) (tiocfaidh siad) (ar) (comhréiteach) go luath
_____

(iii) (thar ceann) (ceannaire) + (an Pháirtí)
_____

(iv) (ag labhairt ar) (fadhbanna) (muintir) + (na hollscoile)
_____

(v) (deacrachtaí) (muintir) + (na háite)
_____

(vi) (ar) (cúiseanna) (tromchúiseacha)
_____

(vii) (ag glanadh) (cistin) + (an tí)
_____

(viii) (os cionn) (doras) + (an ranga)
_____

(ix) (gúnaí) (cailíní) + (an damhsa)
_____

(x) (áilleacht) (focail) + (an amhráin)
_____

Ceist 5 ‘i measc na n-ábhar a bheidh á **b**plé’

(a) Cén fáth a bhfuil an t-urú sa sampla thuas?
(b) Cuir an fhoirm cheart de na focail idir lúibíní sna bearnaí:

(i) Tá an obair á (déanamh) _____ aige anois.
(ii) Bhí an t-ábhar sin á (plé) _____ againn.
(iii) Beidh na leabhair á (ceannach) _____ ar fud an domhain.
(iv) Bhí an deoch á (ól) _____ nuair a shiúil mé isteach sa seomra.
(v) Is fíor go bhfuil na huirlisí ar fad á (úsáid) _____ acu.

Ceist 6 Is minic an focal ‘taca’ i nathanna cainte. Cuir na nathanna seo in abairtí lena mbrí a léiriú.

i dtaca le
um an dtaca seo
taca a thabhairt do dhuine

Treoracha agus freagraí

Ceist 1

Plé atá i gceist leis an ghníomhaíocht seo mar réamhullmhúchán.

Ceist 2

1. coalition government	*comhrialtas*
2. negotiations	*idirbheartaíocht*
3. they don't agree on	*níl siad ar aon intinn faoi*
4. he wished success	*ghuigh sé rath ar*
5. possibilities	*féidearthachtaí*
6. on behalf of	*thar ceann*
7. he trusts	*tá muinín aige (as / i)*
8. to come to an arrangement	*teacht ar chomhréiteach*
9. summit meeting	*cruinniú mullaigh*
10. member states	*ballstáit*
11. salvage market	*margadh tarrthála*
12. as well as that	*lena chois sin*
13. economic and financial affairs	*gnóthaí eacnamaíochta agus airgeadais*
14. decline	*maolú / laghdú*

Ceist 3

1. Bhí cruinniú ag an bheirt ar maidin faoi chomhrialtas a bhunú agus beidh an idirbheartaíocht cheart ar siúl sa tráthnóna.
2. Dheimhnigh Róisín Shortall ón Lucht Oibre go raibh comhrá ag ceannairí an Lucht Oibre agus Fhine Gael ar an ghuthán ar maidin faoi na féidearthachtaí i dtaca le comhrialtas a chur ar bun idir an dá pháirtí.
3. Dúirt Teachta Dála an Lucht Oibre do Chill Dara Thuaidh, Emmet Stagg, tráthnóna, go bhfuil muinín aige go dtiocfaidh an dá thaobh ar chomhréiteach gan mórán moille.
4. Tá an Dáil nua le teacht le chéile ar an naoú lá de mhí an Mhárta agus beidh cruinniú mullaigh ag ballstáit an Aontais Eorpaigh dhá lá ina dhiaidh sin.
5. Dúirt sé go mbeidh maolú ar an ráta úis a chaithfidh an tír a íoc d'iasachtaí éigeandála i measc na n-ábhar a bheas á bplé ag ballstáit an Aontais.

Ceist 4

(a) Cuirtear séimhiú ar ainmfhocal tar éis an réamhfhocail shimplí ***ar*** de ghnáth. Bí cúramach áfach mar ní chuirtear séimhiú ar an ainmfhocal tar éis ***ar*** má tá suíomh nó staid i gceist, mar shampla – ar díol, ar meisce.

(b)

(i) ag cáineadh cheoltóirí na ceolchoirme
(ii) tiocfaidh siad ar chomhréiteach go luath
(iii) thar ceann cheannaire an Pháirtí
(iv) ag labhairt ar fhadhbanna mhuintir na hollscoile
(v) deacrachtaí mhuintir na háite
(vi) ar chúiseanna tromchúiseanna
(vii) ag glanadh chistin an tí
(viii) os cionn dhoras an ranga
(ix) gúnaí chailíní an damhsa
(x) áilleacht fhocail an amhráin

Ceist 5

(a) Tá urú ar an fhocal ***plé*** mar go bhfuil sé ag tagairt siar go dtí ***na hábhair*** – ainmfhocal atá san uimhir iolra.

(b)

(i) Tá an obair á **déanamh** aige anois.
(ii) Bhí an t-ábhar sin á **phlé** againn.
(iii) Beidh na leabhair á **gceannach** ar fud an domhain.
(iv) Bhí an deoch á **hól** nuair a shiúil mé isteach sa seomra.
(v) Is fíor go bhfuil na huirlisí ar fad á **n-úsáid** acu.

Ceist 6

i dtaca le – ***as regards***
um an dtaca seo – ***by now***
taca a thabhairt do dhuine – ***to support someone***

Éimear Ní Chonaola

Bhí cruinniú ag Enda Kenny agus ag Eamon Gilmore i dTeach Laighean tráthnóna faoi chomhrialtas a bhunú ach measter gur níos deireanaí tráthnóna a thosóidh an idirbheartaíocht cheart. Cé nach bhfuil siad ar aon intinn faoi roinnt polasaithe, táthar ag súil go bhfeadfadh margadh a bheith déanta roimh dheireadh na seachtaine. Ghuigh an Taoiseach Brian Cowen gach rath ar an dá cheannaire sna cainteanna.

Peadar Mac Gaoithín

Dheimhnigh Róisín Shortall ón Lucht Oibre go raibh comhrá ag ceannairí an Lucht Oibre agus Fine Gael ar an ghuthán ar maidin faoi na féidearthachtaí i dtaca le comhrialtas a chur ar bun idir an dá pháirtí. Tá Enda Kenny agus Eamon Gilmore i mbun a thuilleadh plé faoi seo i dTeach Laighean tráthnóna. Dúirt urlabhraí ó Fhine Gael[i] go mbuailfidh foireann idirbheartaíochta Fhine Gael le foireann ón Lucht Oibre níos deireanaí tráthnóna nó amárach. Is é Phil Hogan, Michael Noonan agus Alan Shatter a bheas ag labhairt thar ceann Fhine Gael[ii], agus is é Pat Rabbitte, Joan Burton agus Brendan Howlin a bheas i mbun idirbheartaíochta don Lucht Oibre. Dúirt Teachta Dála an Lucht Oibre do Chill Dara Thuaidh, Emmet Stagg, tráthnóna go bhfuil muinín aige go dtiocfaidh an dá thaobh ar chomhréiteach gan mórán moille.

Tá an tríocha is a haonú Dáil le bualadh le chéile ar an naoú lá de Mhárta agus tá cruinniú mullaigh speisialta le bheith ag ballstáit an Aontais Eorpaigh dhá lá ina dhiaidh sin le plé a dhéanamh ar théarmaí mhargadh tarrthála an Aontais Eorpaigh. Mar sin, tá brú ar Fhine Gael[iii] agus an Lucht Oibre teacht ar chomhaontú maidir le clár rialtais go luath.

Lena chois sin, tá comhdháil speisialta le bheith ag an Lucht Oibre ag an deireadh seachtaine agus beidh súil le comhaontú roimhe sin. Idir an dá linn dúirt coimisinéir an Aontais Eorpaigh ar ghnóthaí eacnamaíochta agus airgeadais, Ollie Rehn, ar maidin go mbeidh maolú nó laghdú ar an ráta úis a chaithfidh an tír seo a íoc fá choinne iasachtaí éigeandála i measc na n-ábhar a bheas á bplé ag ballstáit an Aontais.

Peadar Mac Gaoithín, Nuacht TG4.

---

[i] *Fine Gael* a deirtear
[ii] *Fine Gael* a deirtear
[iii] *Fine Gael* a deirtear